Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Rialú Buiséadach

2024/2052(INI)

21.02.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar rialú ghníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2023
(2024/2052(INI))

An Coiste um Rialú Buiséadach

Rapóirtéir: Ondřej Knotek

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le rialú ghníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2023
(2024/2052(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do thuarascáil ar ghníomhaíochtaí 2023 ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) an 1 Feabhra 2024 dar teideal *A Blueprint for Sustainable Living* [Treoirphlean chun Maireachtáil go hInbhuanaithe], agus do dhoiciméad BEI an 2 Feabhra 2023 dar teideal *EIB Group Operational Plan 2023-2025* [Plean Oibríochtúil Ghrúpa BEI, 2023-2025],

– ag féachaint do Thuarascáil Infheistíochta BEI, 2023/2024, dar teideal *Transforming for competitiveness* [Claochlú a dhéanamh chun a bheith iomaíoch], a foilsíodh an 7 Feabhra 2024,

– ag féachaint do dhoiciméad ó BEI an 8 Bealtaine 2023 dar teideal *Mid-term review of the EIB Energy Lending Policy* [Athbhreithniú meántéarma ar Bheartas Iasachta Fuinnimh BEI],

– ag féachaint do Thuarascáil BEI ar chur chun feidhme Bheartas Trédhearcachta Ghrúpa BEI in 2023, a foilsíodh an 1 Iúil 2024,

– ag féachaint do dhoiciméad BEI an 27 Samhain 2023 dar teideal *EIB Group PATH Framework – Version 1.2 November 2023 – Supporting counterparties on their pathways to align with the Paris Agreement* [Creat PATH Ghrúpa BEI – Leagan 1.2 Shamhain 2023 – Ag tacú le contrapháirtithe ar a gconairí chun ailíniú le Comhaontú Pháras],

– ag féachaint do dhoiciméid ó BEI an 21 Meitheamh 2024 dar teideal *EIB Group 2024-2027 Strategic Roadmap* [Treochlár Straitéiseach Ghrúpa BEI, 2024-2027] agus an 29 Samhain 2023 dar teideal *EIB Global Strategic Roadmap* [Treochlár Straitéiseach Domhanda BEI],

– ag féachaint do Thuarascáil Ghrúpa BEI ar Inbhuanaitheacht, 2023, a foilsíodh an 25 Iúil 2024,

– ag féachaint do nóta faisnéise ó BEI an 6 Feabhra 2023 dar teideal *The European Investment Bank's approach to human rights* [Cur chuige an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta i leith chearta an duine],

– ag féachaint do Thuarascáil 2023 ar Shásra Gearán Ghrúpa BEI, a foilsíodh an 10 Meitheamh 2024,

– ag féachaint do dhoiciméad ó BEI an 14 Deireadh Fómhair 2024 dar teideal *Diversity, Equity and Inclusion at the EIB Group* [Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú ag Grúpa BEI],

– ag féachaint d'fhoilseachán ó BEI an 23 Meán Fómhair 2024 dar teideal *EIB Audit Committee Annual Reports for the year 2023* [Tuarascálacha Bliantúla Choiste Iniúchóireachta BEI don bhliain 2023],

– ag féachaint do thuarascáil ó BEI an 15 Iúil 2024 dar teideal *EIB Group activities in EU cohesion regions 2023* [Gníomhaíochtaí Ghrúpa BEI i réigiúin chomhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, 2023],

– ag féachaint do thuarascáil ó BEI an 19 Deireadh Fómhair dar teideal *EIB Investment Survey 2023 – European Union overview* [Suirbhé Infheistíochta BEI, 2023 – Forléargas an Aontais Eorpaigh],

– ag féachaint do thuarascáil BEI an 26 Meitheamh 2024 dar teideal *EIB Group support for EU businesses: Evidence of impact in addressing market failures* [Tacaíocht Ghrúpa BEI do ghnólachtaí an Aontais Eorpaigh: Fianaise ar thionchar maidir le haghaidh a thabhairt ar chliseadh sa mhargadh],

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 5 Márta 2024 dar teideal *A new European Defence Industrial Strategy: Achieving EU readiness through a responsive and resilient European Defence Industry* [Straitéis nua um Thionscal Cosanta na hEorpa: Ullmhacht an Aontais a bhaint amach trí Thionscal Cosanta an hEorpa at bheith níos freagrúla agus níos athléimní] (JOIN(2024)0010),

– ag féachaint do Thuarascáil Speisialta Uimh. 22/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Double funding from the EU budget* [Cistiú dúbailte ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh],

– ag féachaint do thuarascáil ó BEI an 29 Nollaig 2023 dar teideal *European Investment Bank Group Risk Management Disclosure Report – June 2023* [Tuarascáil ó Ghrúpa BEI ar Nochtadh Bainistíochta Riosca – Meitheamh 2023],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0000/2025),

A. de bhrí go bhfuil BEI ar an mbanc forbartha iltaobhach is mó ar domhan, i bhfianaise mhéid a iasachtaíochta agus a iasachtaithe;

B. de bhrí, ós banc infheistíochta iltaobhach atá faoi úinéireacht Bhallstáit AE é, go ndéanann Bord Gobharnóirí, Bord Stiúrthóirí agus Coiste Bainistíochta bainistiú ar BEI agus go bhfuil a shásraí inmheánacha féin aige maidir le cuntasacht, rialachas agus iniúchadh;

C. de bhrí go n-oibríonn BEI i margadh iomaíoch, ach gur comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh freisin é a bhfuil coinne leis go gcloífidh sé le caighdeáin arda trédhearcachta agus rannpháirtíochta geallsealbhóirí;

D. de bhrí go bhfuil cuspóirí trasearnála ag BEI maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil, maidir le comhtháthú agus cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta, maidir leis an aistriú digiteach, agus maidir le tacaíocht do

thosaíochtaí gníomhaíochta seachtraí an Aontais Eorpaigh ar fud an domhain, agus go bhfuil maoiniú BEI i gcomhréir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh;

E. de bhrí go gcuirtear de chúram ar BEI freisin acmhainní a fhoinsiú, trí bhíthin gníomhaíochtaí iasachtaíochta, atá bunriachtanach chun beartais an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme;

F. de bhrí go ndéantar foráil i gclár oibre straitéiseach na Comhairle Eorpaí don tréimhse ó 2024 go 2029 maidir le ról feabhsaithe a bheith ag Grúpa BEI i ndáil le cosaint agus slándáil an Aontais Eorpaigh a chothú, agus á thabhairt chun suntais gur gá iomaíochas AE a threisiú trí iarracht shuntasach chomhinfheistíochta a dhéanamh, trína ndéanfaí cistiú poiblí agus príobháideach araon a shlógadh;

G. de bhrí gurb amhlaidh, i dtuarascáil Draghi ar a bhfuil i ndán d'iomaíochas na hEorpa[1], a rinneadh moltaí iomadúla chun ról BEI i ndáil le beartais AE a mhaoiniú, chun an ról úd a leathnú tuilleadh, agus chun a chur ar a chumas do BEI dul san fhiontar tuilleadh;

H. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go dtabharfaí aghaidh ar na bacainní ar rochtain ar mhaoiniú a bhíonn le sárú ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ag cuideachtaí meánchaipitlithe; de bhrí gur uirlis bheartais fhritimthriallach thábhachtach iad scéimeanna iasachtaithe agus ráthaíochta poiblí, go háirithe le linn sleabhcadh eacnamaíoch, ach freisin chun clistí struchtúracha sa mhargadh a mhaolú;

I. de bhrí gur cuid bhunriachtanach den ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt é BEI agus gurb é an t-iasachtóir iltaobhach is mó é i réigiúin chomharsanachta an Aontais Eorpaigh;

J. de bhrí go mbíonn rath bheartais AE agus éifeachtacht chur chun feidhme na mbeartas úd ag brath ar Ghrúpa BEI mó sa mhó; de bhrí gur léir gur cheart déine agus cáilíocht ghrinnscrúdú na Parlaiminte ar ghníomhaíochtaí airgeadais BEI a bheith comhsheasmhach le déine an chomhair idir BEI agus an Coimisiún, ar comhar an-suntasach é;

K. de bhrí go gur gá, faoi shamhail ghnó BEI, na caighdeáin is airde sláine, cuntasachta agus trédhearcachta a chomhlíonadh, agus gur gá bearta leormhaithe a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach chun calaois, sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus coireacht eagraithe den uile chineál a chomhrac;

Oibríochtaí airgeadais agus feidhmíocht BEI

1. ag tabhairt dá haire go bhfuil BEI ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil i gcomhthéacs idirnáisiúnta inar gá dul i ngleic le dúshláin dhomhanda a bhaineann le staideanna geopholaitiúla, le héifeachtaí an athraithe aeráide agus le staideanna eile a dhéanann difear don gheilleagar domhanda;

2. ag tabhairt dá haire gurbh ionann toradh comhdhlúite Ghrúpa BEI faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) agus EUR 2.272 billiún in 2023, i

[1] Draghi, M., *The future of European competitiveness* [A bhfuil i ndán d'iomaíochas na hEorpa], Meán Fómhair 2024.

gcomparáid le EUR 2.327 billiún in 2022 (laghdú 2.4 % i gcomórtas leis an mbliain seo caite);

3. á thabhairt faoi deara gur lean cóimheas leachtachta iomlán BEI de bheith laistigh de na teorainneacha inmheánacha go dtí deireadh 2023; á chur i bhfáth go bhfuil rátáil AAA BEI lena ngabhann ionchas cobhsaí riachtanach chun foinsí margaidh iomchuí maoinithe ar rátaí fabhracha a áirithiú agus nach mór í a chaomhnú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil seasamh creidmheasa ard BEI ríthábhachtach dá shamhail ghnó rathúil;

4. ag tabhairt dá haire gurbh ionann eisíocaíochtaí iomlána BEI agus EUR 54.4 billiún in 2023 (a raibh EUR 53.4 billiún de faoi acmhainní dílse an Bhainc), i gcomparáid le EUR 54.3 billiún in 2018 (a raibh EUR 53.3 billiún de faoi acmhainní dílse an Bhainc) in 2022; ag tabhairt faoi deara gurb amhlaidh, de réir samhail eacnamaíoch arna forbairt go comhpháirteach ag Roinn Eacnamaíochta BEI agus Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, a chruthófar, mar thoradh ar an infheistíocht fhoriomlán arna síniú laistigh den Aontas ag Grúpa BEI in 2023 amháin, tuairim is 1 460 000 post nua in AE-27 faoi 2027 agus a bheidh tionchar aige sin ar gheilleagar an Aontais a bheidh comhionann le méadú 1.03 pointe céatadáin ar OTI;

InvestEU, simpliú an chreata airgeadais ilbhliantúil, agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

5. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh, an 13 Nollaig 2023, Plean Oibríochtúil Ghrúpa BEI, 2024-2026, ina ndéantar achoimre ar na tosaíochtaí arna leagan síos agus ar na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh chun straitéis Ghrúpa BEI do na trí bliana amach romhainn a chur i gcrích;

6. á mheabhrú go ndearnadh 75 % (EUR 19.6 billiún) de ráthaíocht bhuiséadach sin an Aontais Eorpaigh dá bhforáiltear faoi Rialachán InvestEU[2] a shannadh do Ghrúpa BEI; á thabhairt chun suntais gur fhormheas BEI, in 2023 amháin, 30 oibríocht faoi InvestEU arbh fhiú EUR 9.1 billiún san iomlán iad;

7. á chur i bhfáth gurb amhlaidh, faoi chuimsiú chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 2021-2027, a bhainistíonn BEI 87 sainordú ón gCoimisiún, líon is ionann agus 130 sainordú má áirítear iadsan a bhaineann le bainistíocht chomhroinnte agus arna sannadh ag na rialtais áitiúla agus ag na Ballstáit, agus ag tabhairt dá haire go ndéanann BEI 457 dtuarascáil ar a laghad a chur i dtoll a chéile in aghaidh na bliana ina leith sin; á chur i bhfios go meastar dímhaorlathú agus simpliú a bheith riachtanach chun gur féidir úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní;

8. á thabhairt chun suntais go bhfuil sé shainordú de chuid na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) á mbainistiú ag BEI i gceithre Bhallstát, a síníodh in 2021 (an Ghréig agus an Iodáil), in 2022 (an Rómáin) agus in 2024 (an Spáinn), dar luach EUR 8.7 billiún san iomlán; á chur in iúl go dtuigeann sí, áfach, go bhfágann ionstraimí atá bunaithe ar 'mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais' a bheith á dtabhairt isteach, a bhfuil an-bhorradh fúthu mar thoradh ar RRF, an baol go ndéanfaí earráidí agus míbhainistíocht a bheith níos mo, ar bhonn oibiachtúil, go háirithe cistiú dúbailte; á

[2] Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017, (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj).

iarraidh ar an gCoimisiún agus ar BEI, ina cháil mar phríomh-chomhpháirtí agus mar phríomhchomhairleoir, staonadh ó aon tograí nua ina n-úsáidtear RRF mar threoirphlean chun sásraí maoiniúcháin a shocrú, lena n-áirítear sa togra atá le teacht ón gCoimisiún le haghaidh creat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse tar éis 2027, a thíolacadh; á athdhearbhú nár cheart go bhfágfadh an simpliú arna shaothrú ag BEI go lagófaí fóntacht bhainistiú acmhainní AE ná nach mbeadh deiseanna ann ar ghrinnscrúdú a dhéanamh chun na gníomhaithe ábhartha a choinneáil cuntasach, mar a bhunaítear faoi na Conarthaí;

Slándáil fuinnimh

9. ag tabhairt dá haire go mbíonn BEI ag tacú go leanúnach le slándáil an tsoláthair, agus is é an dóigh a ndéanann sé amhlaidh, go príomha, ná trí eangacha leictreachais agus bonneagar trasteorann a threisiú, tríd an éileamh ar fhuinneamh a laghdú trí bhíthin tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus trí ghiniúint cumhachta ísealcharbóin a chothú; á chur i bhfios go láidir gur thacaigh BEI le gnéithe nua den tslándáil fuinnimh, amhail freagairt ar an éileamh agus stóráil fuinnimh, agus go ndearna sé forbairt soláthair inbhuanaithe amhábhar criticiúil atá riachtanach don aistriú fuinnimh a chur chun cinn;

10. á iarraidh an athuair go rachfaí i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus á mheabhrú gurb amhlaidh, mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh, atá an brú boilscitheach ag dul i ngéire, atá neamhshlándáil an tsoláthair bia ag dul i méid agus atá buiséid teaghlach ag dul i laghad, agus á iarraidh ar BEI leas a bhaint as an Sásra um Aistriú Cóir agus as an gCiste don Nuachóiriú chun tacú leis na réigiúin agus na pobail sin is mó a ndéanann an t-aistriú fuinnimh difear dóibh; á chur in iúl gurb eol di go bhfuil breis dúshlán le sárú ag a lán earnálacha mar gheall ar éifeacht chomhpháirteach an oiriúnaithe do chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus mar gheall ar iarmhairtí na géarchéime fuinnimh agus mar gheall ar an mboilsciú a bheith ag dul i méid; á iarraidh ar BEI dlús a chur lena iarrachtaí ar chostas caipitil teicneolaíochtaí glana a laghdú;

11. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, i mí Iúil 2023, a rinne Grúpa BEI spriocanna maoinithe ghealltanas mhí Dheireadh Fómhair 2022 a mhéadú ó EUR 30.0 billiún go dtí 2027 go EUR 45.0 billiún (REPowerEU+), chun dlús a chur lena iarrachtaí ar thacú le slándáil fuinnimh an Aontais Eorpaigh;

12. á chur i bhfios go láidir gurb amhlaidh, in 2023, a sholáthair BEI tuairim is EUR 21.4 billiún de mhaoiniú le haghaidh tionscadail fuinnimh, ar de sin a soláthraíodh thart ar EUR 19. 8 billiún san Aontas Eorpach agus EUR 1.6 billiún lasmuigh den Aontas Eorpach;

13. á chreidiúint gur féidir ról a bheith ag hidrigin agus a díorthaigh, go háirithe nuair a fhaightear ó fhoinsí inathnuaite í, i ndáil le cuspóirí dícharbónaithe an Aontais Eorpaigh a bhaint amach agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú; á iarraidh ar BEI ról lárnach a ghlacadh i ndáil le hinfheistíochtaí príobháideacha a shlógadh;

Beartas cosanta agus slándála

14. á chur i bhfáth gur fhormheas Bord Stiúrthóirí BEI Plean Gníomhaíochta Slándála agus Cosanta Ghrúpa BEI i mí na Bealtaine 2024 chun breis tacaíochta a thabhairt do

thionscal slándála agus cosanta an Aontais Eorpaigh; á chur i bhfios go dtacaíonn BEI le FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta nuálacha laistigh d'earnáil na slándála agus na cosanta faoi phrionsabal na 'dé-úsáide', trína gcloítear le critéar na 'húsáide sibhialta inchreidte' ach trína gcuirtear deireadh leis an tástáil ioncaim;

15. á chur i bhfios go láidir go bhfuil breisluach ag roinnt leis na bearta nuálacha atá glactha ag BEI chun dlús a chur le hinfheistíochtaí i slándáil agus i gcosaint, agus go bhfuil breisluach ag roinnt leis an 'ionad ilfhreastail' freisin, arb é an pointe iontrála aonair é do chliaint agus do gheallsealbhóirí seachtracha, dá dtairgeann sé sainchúnamh chun rochtain ar thacaíocht ó Ghrúpa BEI a éascú;

16. á chur in iúl gurb eol di gur fhormheas BEI, i Meitheamh 2023, méadú ar an Tionscnamh Straitéiseach um Shlándáil na hEorpa i leith infheistíochtaí i slándáil san Aontas ó EUR 6.0 billiún go EUR 8.0 billiún don tréimhse ó 2022 go 2027, lena n-áirítear freisin earnáil an spáis agus earnáil na cibearshlándála; ag moladh do BEI comhpháirtíochtaí institiúideacha le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus le comhpháirtithe eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha a neartú;

17. á chur in iúl gur mór aici comhar BEI leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus á chur in iúl gur geal léi gur síníodh nuashonrú ar an meabhrán tuisceana idir an dá chomhlacht an 3 Deireadh Fómhair 2024;

Bonneagar sóisialta agus tithíocht

18. á chur i bhfáth go bhfuil méadú suntasach tagtha ar phraghsanna ceannaigh agus cíosa tithíochta le blianta beaga anuas, rud a fhágann inacmhainneacht ceantar meitreapholaiteach iomadúil san Aontas Eorpach a bheith ag dul i laghad agus rochtain orthu sin a bheith á cur i mbaol; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tacaíocht do bhonneagar sóisialta ina cuid d'ocht dtosaíocht straitéiseacha Ghrúpa BEI do 2024-2027 agus ag aontú go bhfuil infheistíochtaí i dtithíocht fhuinneamhéifeachtúil, inbhuanaithe agus inrochtana, i gcúram sláinte úrscothach, agus in oideachas ríthábhachtach chun táirgiúlacht a mhéadú agus chun sochaithe láidre agus athléimneacha a chothú;

19. á chreidiúint gur cheart comhar le húdaráis áitiúla, le rialtais áitiúla agus le hionadaithe ar an tsochaí shibhialta forbairt tithíochta sóisialta a chothú; á chur in iúl gurb eol di go bhfuil éifeachtacht ghníomhaíocht BEI in earnáil na tithíochta agus an bhonneagair shóisialta ag brath freisin ar dheireadh a chur le constaicí beartais agus rialála;

Tacaíocht do FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, aontas na margaí caipitil agus ról an Chiste Eorpaigh Infheistíochta

20. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis ríthábhachtach do gheilleagar AE; á chur i bhfios go bhfuil dúshláin shuntasacha le sárú ag na gnólachtaí sin maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú, ar mhargaí agus ar thallann, rud a chuireann teorainn lena bhfás; á áitiú go gcothaíonn fás gnó agus dinimiceas gnó nuálaíocht, iomaíochas agus táirgiúlacht; ag moladh do Ghrúpa BEI leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí chláir airgeadais shaincheaptha, sásraí comhroinnte riosca, agus ionstraimí airgeadais atá dírithe ar ghnólachtaí;

21. á chreidiúint go bhfágfadh aontas na margaí caipitil a bheith níos láidre go gcuirfí borradh faoin urrúsú agus faoi mhargaí caipitil fiontair, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí infheistíocht bhreise a dhéanamh san fhíorgheilleagar, agus gur cheart tús áite a thabhairt do ghnólachtaí Eorpacha atá i mbun fáis a mhaoiniú le caipiteal Eorpach, mar a léiríodh le Tionscnamh Crann Taca Teicneolaíochta na hEorpa, a seoladh i mí Feabhra 2023 chun cuideachtaí teicneolaíochta Eorpacha a bhfuil gealladh fúthu a mhaoiniú; á thabhairt faoi deara go bhfuil an Tionscnamh Eorpach um Ghnólachtaí atá i mbun Fáis, a bhfuil sé d'aidhm aige maoiniú ríthábhachtach a sholáthar le haghaidh chuideachtaí ardteicneolaíochta na hEorpa agus iad ar shéala a bheith ina gcuideachtaí cruthanta, ina chomhlánú ar Thionscnamh Crann Taca Teicneolaíochta na hEorpa;

22. ag aithint gurb é misean an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (CEI) tacú le rochtain a bheith ag micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide Eorpacha ar mhaoiniú; á chreidiúint gur cheart treisiú le gníomhaíochtaí CEI i leith fhorbairt an éiceachórais inbhuanaithe Eorpaigh maidir le caipiteal fiontair;

23. ag moladh Ghrúpa BEI as tacaíocht a thabhairt do thart ar 400 000 FBM agus cuideachta mheánchaipitlithe in 2023 amháin, trí bhíthin EUR 31.1 billiún de mhaoiniú, lena n-áirítear iasachtaí agus ráthaíochtaí do ghnólachtaí, (ar de sin a bhain CEI leas as EUR 14.9 billiún), ar slógadh os cionn EUR 134 bhilliún dá bharr, agus ag tabhairt dá haire gur oibrigh sé i gcomhar le beagnach 300 institiúid chomhpháirtíochta ar fud na hEorpa chun na críche sin;

24. á mheabhrú gur scoireadh de leas a bhaint as an gCiste Ráthaíochta Eorpach in 2023 agus go ndearnadh eisíocaíochtaí, a bhfuil sé d'aidhm acu cuidiú le FBManna téarnamh ó dhrochthionchar na paindéime, le tuairim is 200 000 FBM ar fud an Aontais; ag meabhrú gur léiríodh imní i rúin roimhe seo faoi thrédhearcacht na bpróiseas cinnteoireachta agus faoi fhaisnéis ar na faighteoirí deiridh;

25. ag tabhairt dá haire go n-áirítear ar bhearta CEI maidir le frithsciúradh airgid agus maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le táirgí agus idirbhearta, dícheall cuí contrapháirtí a dhéanamh, scagadh a dhéanamh ar an struchtúr úinéireachta agus ar na príomhdhaoine i gcoinne smachtbhannaí agus na meán díobhálach, oiliúint éigeantach a thabhairt isteach don fhoireann uile agus comhaontú a thabhairt i gcrích le hAonad Lucsamburg um Fhaisnéis Airgeadais maidir le haon idirbhearta amhrasacha arna mbrath a thuairisciú agus gníomh iardain a dhéanamh ina leith;

Príomhréimsí beartais an chomhtháthaithe, an ghníomhaithe ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil, agus an digitithe

26. á chur in iúl gur mór aici gur gheall BEI, sa Treosuíomh um Comhtháthú, 2021-2027, 40 % ar a laghad dá mhaoiniú iomlán san Aontas idir 2022 agus 2024 a thiomnú do thionscadail i réigiúin chomhtháthaithe, agus, in 2023, gurbh ionann an maoiniú sin agus 42 % d'iasachtú iomlán an Aontais (i gcomparáid le 40 % in 2022); á chur i bhfios go láidir gur tháinig méadú ar an sciar sin de mhaoiniú BEI a leithdháiltear ar réigiúin bheagfhorbartha ó 24 % in 2022 go 26 % in 2023, rud a d'fhág gur méid EUR 17.2 billiún a bhí ann, atá i bhfad os cionn na sprice 21 % a leagtar síos i dTreoshuíomh Comhtháthaithe BEI do 2023; á iarraidh an athuair go leanfadh BEI d'fhaireachán agus

anailís a dhéanamh ar na heasnaimh lena gcuirtear cosc ar réigiúin nó tíortha áirithe leas iomlán a bhaint as tacaíocht agus cúnamh airgeadais BEI;

27. ag aithint gur thacaigh Seirbhísí Comhairleacha BEI le níos mó ná 1 000 tionscadal i réigiúin chomhtháthaithe le 15 bliana anuas; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart díriú níos mó ar dheiseanna maoiniúcháin a chothú agus a chur chun cinn go gníomhach i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula;

28. ag tabhairt dá haire gur chothaigh BEI bearta iomadúla sna réigiúin chomhtháthaithe chun tacú leis an earnáil cúraim sláinte, lena n-áirítear HERA Invest, ar ráthaíocht EUR 100 milliún é a bunaíodh i gcomhar leis an gCoimisiún chun tacú le hinfheistíochtaí ardtaighde agus forbartha; ag moladh do BEI infheistíochtaí spriocdhírithe a chur chun cinn i bpríomhchumasóirí sistéamacha na réigiún comhtháthaithe, amhail rochtain ar chúram sláinte agus ar oideachas, tithíocht shóisialta agus inacmhainne, nascacht dhigiteach agus maoiniú áitiúil le haghaidh cathracha agus réigiún, trí iasachtú díreach (amhail Iasacht an Chreata Uirbigh) nó trí ionstraimí airgeadais, agus tarraingt ar na sineirgí idir deontais AE agus iasachtaí BEI chun nascacht iarnróid trasteorann a chothú, rud atá ríthábhachtach chun comhtháthú níos fearr a dhéanamh laistigh de mhargadh aonair AE;

29. ag cur béim ar an bhfíoras gurb amhlaidh, in 2023 amháin, a shínigh BEI EUR 41.8 billiún de mhaoiniú le haghaidh an ghníomhaithe ar son na haeráide agus EUR 25.1 billiún de mhaoiniú le haghaidh na hinbhuanaitheachta comhshaoil (EUR 35.1 billiún agus EUR 15.9 billiún, faoi seach, in 2022); ag tabhairt dá haire gurbh ionann maoiniú BEI d'oiriúnú don athrú aeráide agus EUR 2.7 billiún in 2023, arbh ionann é agus 6.4 % dá ghníomhú iomlán ar son na haeráide (i gcomparáid le EUR 1.9 billiún, nó 5.4 %, in 2022); á chur i bhfáth gurbh ionann an maoiniú don ghníomhú ar son na haeráide agus don inbhuanaitheacht comhshaoil, ina iomláine, agus 60 % de mhaoiniú BEI in 2023;

30. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an talmhaíocht agus an bithgheilleagar i measc phríomhthosaíochtaí BEI; á athdhearbhú go bhfuil dúshláin iomadúla le sárú ag earnáil na talmhaíochta, agus go bhfuil ceangal ar fheirmeoirí AE dul in oiriúint do chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, an suaitheadh de dheasca éifeachtaí na géarchéime fuinnimh a sheasamh agus oiriúnú don mhéadú ar an mboilsciú; á iarraidh ar Ghrúpa BEI díriú níos mó ar earnáil na talmhaíochta;

31. á chur in iúl gur mór aici go bhfuil BEI orthu sin is mó a bhíonn ag tacú leis an digitiú san Aontas; ag moladh do BEI breis tacaíochta a thabhairt do líonraí digiteacha agus neamhspleáchas AE i bpríomhtheicneolaíochtaí a chothú;

32. á thabhairt faoi deara go bhfuil ról ríthábhachtach ag earnáil na cibearshlándála i ndáil le gnólachtaí agus rialtais a chosaint ar bhagairtí digiteacha atá ag dul i ngéire i rith an ama; á chur in iúl gur geal léi gur tháinig méadú ar infheistíochtaí slándála ó EUR 6 bhilliún go EUR 8 mbilliún, arna maoiniú tríd an Tionscnamh Straitéiseach um Shlándáil na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála, lena n-áirítear i dtionscal an Spáis Nua;

Gníomhaíochtaí BEI lasmuigh den Aontas Eorpach

33. á chur i bhfios go láidir gurb amhlaidh, agus é dhá bhliain ar an bhfód, a sholáthair BEI Domhanda EUR 8.4 billiún de mhaoiniú (i gcomparáid le EUR 9.1 billiún in 2022); ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, ós rud é go bhfuil maoiniú BEI Dhomhanda teoranta do 50 % de chostas iomlán tionscadail, a bhíonn infheistíochtaí á cómhaoiniú i gcomhar le hinstitiúidí maoinithe forbraíochta agus bainc forbartha iltaobhacha go féiltiúil; á iarraidh ar BEI agus ar an gCoimisiún infheistíocht a dhéanamh i bhfeidhmeanna iniúchta inmheánaigh agus rialaithe neamhspleách chun sláine agus fóntacht oibríochtaí a bhfuil baint ag comhpháirtithe neamh-AE leo a ráthú;

34. á chur i bhfáth nach mór na tosaíochtaí don atógáil a bheith ina mbonn le hidirghabhálacha uile BEI san Úcráin agus nach mór na hidirghabhálacha úd a bheith i gcomhréir go hiomlán leis na tosaíochtaí agus na modhanna a leagtar amach i bPlean na hÚcráine; ag tabhairt dá haire go bhfuil breis iarrachtaí á ndéanamh ag BEI ar chalaois agus éilliú i ndáil le tionscadail sin Ghrúpa BEI arna gcur chun feidhme san Úcráin a chosc, a dhíspreagadh agus a imscrúdú; á iarraidh an athuair go n-áiritheofaí go mbeidh coinníollacht dhocht ann maidir leis an gcúnamh airgeadais arna sholáthar don Úcráin, ar cheart, dá barr, go bhféadfaí maoirseacht shoiléir a dhéanamh trí chlásail bheartais lena n-áirítear cearta cuairte agus rochtain ar fhaisnéis agus ar áitribh;

35. á chreidiúint go bhfágfaidh ról treisithe a bheith ag BEI go mbeidh breisluach ag roinnt le hatógáil na hÚcráine agus an próiseas um méadú araon agus leis na comhpháirtíochtaí ionchasacha faoi chlár oibre Global Gateway an Aontais agus an beartas comharsanachta agus go mbeifear in ann tacú tuilleadh leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; ag moladh don Choimisiún breis comhair a dhéanamh le BEI chun neamhspleáchas straitéiseach an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir le fuinneamh agus amhábhair, a threisiú;

36. á chur i bhfáth gurb amhlaidh, chun tacú leis an Úcráin, atá punann iasachta dar luach os cionn EUR 7 mbilliún tiomargtha ag BEI ó thús na coinbhleachta leis an Rúis in 2014; á chur i bhfios go láidir gurbh ionann risíocht BEI (idir eisíoctha agus gan a bheith eisíoctha go fóill) agus EUR 5.750 billiún amhail an 31 Nollaig 2023, a cumhdaíodh go príomha le ráthaíochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh faoin Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh;

37. ag tabhairt dá haire go ndearnadh a lán gníomhaíochtaí sa Mholdóiv chun éifeachtaí an tsleabhctha eacnamaíoch agus na géarchéime fuinnimh a mhaolú agus chun tacú le conair na tíre ionsar aontachas leis an Aontas, agus sna Balcáin Thiar, mar ar infheistigh BEI Domhanda EUR 1.2 billiún in 2023, móide EUR 700 milliún breise, chun an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus chun feabhas a chur ar ghréasáin iarnróid; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar in 2024;

Ollstruchtúr cuntasachta BEI

38. á mheabhrú gurb í an Ard-Chigireacht (IG) atá i gceannas ar fhormhaoirseacht inmheánach BEI, ina bhfuil trí rannán a bhaineann le cuntasacht – meastóireacht ar oibríochtaí, an sásra gearán, agus imscrúdú calaoise – a bhfuil róil chomhlántacha acu agus a rannchuidíonn le láimhseáil chomhsheasmhach líomhaintí agus gearán;

39. á thabhairt faoi deara gur láimhseáil Sásra Gearán BEI (BEI-CM) 104 chás san iomlán in 2023 (97 in 2022); ag tabhairt dá haire go bhfuarthas 60 gearán nua in 2023 (54 in 2022), ar measadh go raibh 44 díobh inghlactha agus gur bhain 29 díobh le tionscadail arna maoiniú ag BEI, a raibh 27 díobh lonnaithe in áiteanna lasmuigh den Eoraip;

40. ag tabhairt dá haire gurb é Coiste BEI um Ghearáin Soláthair coiste neamhspleách sin BEI a láimhseálann gearáin faoi nósanna imeachta soláthair tionscadail a bhaineann le tionscadail arna maoiniú ag BEI in áiteanna lasmuigh den Aontas;

41. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Rannáin Imscrúdaitheach (IG/IN) ar oibriú i gcomhar leis na comhlachtaí eile d'ollstruchtúr frithchalaoise AE, agus ar iarrachtaí a dhéanamh ina dteannta, go háirithe an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, a fuair 37 % de na tarchuir arna ndéanamh i leith imscrúduithe in 2023 (27 gcás as 74 chás);

42. ag tabhairt dá haire go ndéanann IG/IN gníomhaíochtaí réamhghníomhacha braite calaoise trí úsáid a bhaint as an Uirlis Scórála Riosca Calaoise agus Sláine agus as an róbat um Baol Éillithe sa Soláthar agus, in 2023, gur sainaithníodh, in 24 athbhreithniú, spriocanna le haghaidh trí athbhreithniú réamhghníomhacha iomlána agus chríochnúla ar shláine;

43. á chur in iúl gur oth léi gurb amhlaidh, in ainneoin na n-iarrataí a rinne an Pharlaimint arís agus arís eile, nach bhfuil faisnéis leormhaith ar áireamh i dtuarascáil bhliantúil IG/IN ar mhéid airgeadais na gcásanna a láimhseálann sí, na cistí nó na sainorduithe a ndéantar difear dóibh, na cineálacha tionscadal lena mbaineann, na bearta maolaitheacha arna nglacadh, ról sheirbhísí BEI agus na n-idirghabhálaithe nó na gcomhpháirtithe sna cásanna, nó fiú na Ballstáit lena mbaineann; á iarraidh an athuair ar IG/IN bearta eile a dhéanamh de bhreis ar thuairisc ghairid a thabhairt ar roinnt cás-staidéar chun léargas luachmhar a thabhairt ar a mhéid a dhéantar leasanna airgeadais a choimirciú;

44. á chur in iúl gurb eol di go ndéantar foráil i mBeartas Eisiaimh BEI do phróiseas eisiaimh uathrialach nach bhfuil go hiomlán coibhéiseach le Córas Luathbhraite agus Eisiaimh an Choimisiúin ó thaobh caighdeáin chinnteoireachta, torthaí agus leigheasanna de; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus réitigh a mholadh, lena n-áirítear nós imeachta brostaithe chun cinntí eisiaimh BEI a fhorfheidhmiú tríd an gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh; ag tabhairt faoi deara gurb amhlaidh, in 2023, mar thoradh ar imeachtaí eisiaimh bunaithe ar thorthaí IG/IN, a cuireadh cosc ar chúig chuideachta páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht arna maoiniú ag BEI go ceann tréimhse cúig bliana;

45. á chur in iúl gur geal léi gur formheasadh Creat-Bheartas Rialaithe Inmheánaigh Ghrúpa BEI in 2023; ag moladh don Bhanc gníomhú de réir bharúlacha an Choiste Iniúchóireachta gur cheart iniúchóireacht inmheánach agus an creat rialaithe inmheánaigh a bheith ina bhfeidhmeanna grúpa;

46. ag tabhairt dá haire gurb é iniúchóir seachtrach neamhspleách BEI an tríú líne chosanta; á chur i bhfios go bhfágann uainíocht rialta iniúchóirí agus sannachán dearcthaí úra a bheith ann, agus á thabhairt faoi deara, uime sin, gur cheart uainíocht a dhéanamh ar iniúchóir seachtrach BEI go tréimhsiúil, ach go ndearnadh a shainordú a fhadú go dtí 2027 agus gurb é iniúchóir Ghrúpa BEI é ó bhí 2009 ann;

47. á chur in iúl gur mór aici go bhfuil Creat Bainistithe Riosca Ghrúpa BEI agus na Tuarascálacha leathbhliantúla ó Ghrúpa BEI ar Nochtadh Bainistíochta Riosca éifeachtach agus go bhfuil siad ailínithe le ceanglais agus caighdeáin theicniúla an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh;

48. á chur in iúl go dtuigeann sí gurb amhlaidh, i gcomhréir le riachtanais iomlaoideacha AE, a d'fhormheas institiúidí AE, in 2024, an t-athrú ar an reacht arna mholadh ag Bord Gobharnóirí BEI tríd an teorainn reachtúil ar a chóimheas giarála[3] a leasú agus é a ardú ó 250 % go 290 %, chun a chur ar a chumas do BEI níos mó infheistíochta a dhéanamh gan a bhonn cothromais a mhéadú;

49. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfágann an cóimheas giarála leasaithe go bhféadfar dul san fhiontar tuilleadh; ag aithint go bhfuil infheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite agus i mbonneagar inbhuanaithe agus infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nuálacha bunriachtanach d'iomaíochas an Aontais, ach gur minic a bhíonn baol níos mó ag baint leo mar gheall ar éiginnteacht na dtorthaí; á chur i bhfios go bhféadfaí, mar gheall ar a bheith ag dul san fhiontar tuilleadh, luaineacht thorthaí BEI a mhéadú, ach ag tabhairt faoi deara go bhfuil maoláin chaipitil ag BEI (cúlchistí os cionn EUR 56 bhilliún in 2023, i gcomparáid le EUR 36 bhilliún in 2014) a chuirfeadh ar a chumas a ghníomhaíochtaí riosca féin a leathnú;

50. á chur in iúl gur cúis bhuartha di staid Northvolt AB, déantóir ceallraí ar measadh a ghníomhaíochtaí a bheith ríthábhachtach i bpróiseas an aistrithe ghlais; ag tabhairt dá haire go mbaineann Northvolt leas as pacáiste iasachtaithe suntasach beagáinín os cionn EUR 942.6 milliún de chuid BEI mar chuid den mhaoiniú fiachais arna chruinniú chun láithreán gigeamhonarchan a leathnú;

51. á chur i bhfáth go rabhthas ag dréim leis go méadódh leathnú láithreán na gigeamhonarchan acmhainneacht aschuir táirgthe ceallraí agus go raibh tábhacht straitéiseach ag baint leis don iomaíochas domhanda; á chreidiúint go raibh idirghabháil BEI san oibríocht sin i gcomhréir lena mhisean agus go raibh sí comhsheasmhach le straitéisí an Aontais Eorpaigh san earnáil;

52. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú inmheánach a sheoladh chun na cúiseanna a bhí le cliseadh an tionscadail shuaitheanta sin, mar aon le himthosca an chliste, a fhíorú agus foghlaim ón taithí sin chun nach dtarlóidh a leithéid arís nó chun go bhféadfar an cliseadh a bhrath go luath;

53. á áitiú gurb an breisluach is mó atá ag roinnt le tacaíocht ón Aontas ná go bhfágann sí gur féidir infheistíochtaí ardriosca i gcuideachtaí nuálacha a chothú, cuideachtaí straitéiseacha de chuid an Aontais Eorpaigh a mhéadú agus tabhairt faoi thionscadail aistrithe fhadtéarmacha nach féidir maoiniú a fháil ón earnáil phríobháideach; á chreidiúint gurb amhlaidh, chun a spriocanna maidir le nuálaíocht agus iomaíochas a shaothrú go héifeachtach, ba cheart an clár InvestEU díriú ar infheistíocht ardriosca agus mhéadaithe a mhaoiniú agus ba cheart do Ghrúpa BEI tabhairt faoi líon níos mó de thionscadail ardriosca agus mhórscála, agus, ar an gcaoi sin, leas a bhaint as acmhainní InvestEU ar bhealach lena ndíreofaí níos mó ar rioscaí a sheasamh agus leas a bhaint as acmhainní airgeadais dílse Ghrúpa BEI ar an gcuma chéanna;

[3] Is éard atá sa chóimheas giarála an méid is féidir le BEI a thabhairt ar iasacht i ndáil lena acmhainní dílse.

54. á chur in iúl gurb eol di gur minic is státseirbhísigh ina dtíortha tionscnaimh iad comhaltaí Choiste Bainistíochta BEI sula gcuirtear tús lena dtéarmaí sa Bhanc Eorpach Infheistíochta, a mhaireann idir dhá bhliain agus sé bliana de ghnáth, agus a bhíonn siad i dteideal, uime sin, deiseanna forbartha gairmiúla a shaothrú faoi réir coinníollacha áirithe le linn na tréimhse marana (a fadaíodh go tréimhse 24 mhí tar éis dheireadh a dtéarma sa Bhanc Eorpach Infheistíochta); ag tabhairt dá haire go n-iarrtar ar chomhaltaí an Choiste Bainistíochta an Coiste um Eitic agus um Chomhlíonadh a chur ar an eolas faoi aon chaibidlíocht ar fhostaíocht ionchasach agus formheas a lorg lena haghaidh a luaithe is féidir;

55. á mheabhrú gur iarr an Pharlaimint arís agus arís eile go neartófaí an sásra chun coinbhleachtaí leasa laistigh de BEI a chosc agus chun feabhas a chur ar an gcaoi a láimhseáiltear cásanna den sórt sin, agus go dtabharfaí sainmhíniú níos fearr ar na téarmaí faoinar féidir le Leas-Uachtaráin BEI páirt a ghlacadh i gcinntí faoi oibríochtaí ina dtíortha tionscnaimh, agus á áitiú go dtabharfaí aghaidh ar na ceisteanna sin in athbhreithniú ar chód iompair an Choiste Bainistíochta san am atá le teacht;

56. á chur i bhfios gurb amhlaidh, le cinneadh an 31 Deireadh Fómhair 2023 maidir le Cás 611/2022/KR, a fuair an tOmbudsman Eorpach go ndearna IarLeas-Uachtarán formheas ar chomhaontuithe maoinithe idir BEI agus banc náisiúnta le haghaidh spreagadh[4] ina thír thionscnaimh sna seachtainí sular ceapadh é ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an mbanc náisiúnta sin le haghaidh spreagadh, in ainneoin na comhairle ó Phríomhoifigeach Comhlíontachta BEI aon ghnó leis an mbanc úd a sheachaint agus an nós imeachta lena cheapadh ar bun; á chur in iúl go dtuigeann sí go síneann an cás sin siar go dtí an tréimhse roimh theacht i bhfeidhm chód iompair reatha an Choiste Bainistíochta, a bhfuil forálacha sonracha ar áireamh anois ann maidir le comhaltaí den Choiste Bainistíochta a bheith á bhfostú go hionchasach;

57. á thabhairt faoi deara go bhfuil bearta maolaitheacha, amhail imfhálú agus tréimhsí marana, ar na clásail réamhchúraim is coitianta a bhíonn le húsáid agus cás imrothlach á láimhseáil agus á chur in iúl go dtuigeann sí gurb iad comhaltaí an Choiste Bainistíochta a chuireann bearta den sórt sin i bhfeidhm, nó a chloíonn leo, lena n-áirítear iadsan a tuairiscíodh sna meáin le deireanas;

Grinnscrúdú, trédhearcacht agus maoirseacht

58. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil cosc fós ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) rochtain iomlán a bheith aici ar na sonraí uile a bhaineann le hoibríochtaí BEI; á áitiú gur cheart CIE a bheith i dteideal rochtain a bheith aici ar an bhfaisnéis uile is gá chun measúnú a dhéanamh, go cuimsitheach agus go críochnúil, ar oibríochtaí uile sin BEI atá ceaptha chun aon bheartas de chuid an Aontais a chur chun feidhme agus a dhéantar chun aon bheartas de chuid an Aontais a chur chun feidhme; á iarraidh ar CIE grinnscrúdú iomlán a dhéanamh, ar feadh a cumais, ar na hoibríochtaí uile a bhaineann le buiséad AE ar aon slí;

59. á thabhairt faoi deara go gcuirtear na príomhchúraimí iniúchta ábhartha de chúram ar Choiste Iniúchóireachta BEI, ar comhlacht lán-neamhspleách é; á chreidiúint go

[4] Is idirghabhálaithe airgeadais idir BEI agus tionscadail ar mhionscála a ndéanann BEI infheistíocht iontu iad bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh.

bhféadfaí, mar thoradh ar ionadaithe seachtracha cáilithe a bheith rannpháirteach i gcúraimí sonracha de chuid an Choiste Iniúchóireachta, oibiachtúlacht anailísí an Choiste Iniúchóireachta a fheabhsú;

60. ag tabhairt dá haire go n-aimsítear comhréiteach i mBeartas Trédhearcachta BEI idir prionsabal na hoscailteachta agus an gá atá le faisnéis íogair a choimirciú; ag tabhairt faoi deara go léirítear sa bheartas cén fhaisnéis ba cheart a fhoilsiú go réamhghníomhach agus cá huair ba cheart déanamh amhlaidh – lena sonraítear, mar shampla, gur cheart achoimrí ar thionscadail a fhoilsiú trí seachtaine ar a laghad sula ndéantar breithniú i dtaobh maoiniú an tionscadail a bheith á fhormheas ag Bord Stiúrthóirí BEI – agus go leagtar amach ann na maoluithe ábhartha;

61. ag tabhairt dá haire gur fhormheas Bord Stiúrthóirí BEI 449 dtionscadal in 2023 agus gur foilsíodh beagnach gach ceann (94 %) de na hachoimrí ar thionscadail, i bhformhór na gcásanna (57 %) sular formheasadh iad; ag tabhairt faoi deara go ndéantar oibríochtaí uile sin BEI a dhéantar trí idirghabhálaithe airgeadais a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin BEI agus go soláthraíonn BEI sonraí arna iarraidh sin;

62. á mheabhrú go bhfuil rochtain ag aon duine ar dhoiciméid uile BEI i gcomhréir le toimhde an nochta; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart a chur in iúl do na hiarratasóirí uile roimh ré go dtabharfar an rochtain is leithne is féidir don phobal ar dhoiciméid, agus gur cheart aon chúiseanna le diúltú déanamh amhlaidh a bheith bunaithe ar na heisceachtaí, agus orthu sin amháin;

63. á athdhearbhú go bhfeabhsófaí idirphlé níos struchtúrtha idir an Pharlaimint agus BEI trí mheabhrán comhair a ghlacadh; ag moladh, ina leith sin, chomhar suaithinseach BEI leis an bParlaimint i ndáil le hullmhú an rúin seo, agus ag tabhairt dá haire gur solaoid fhollasach leathanaigeantachta agus trédhearcachta é;

Gníomh iardain i leith na moltaí ón bParlaimint

64. á iarraidh ar BEI leanúint de thuarascáil a thabhairt ar stádas na moltaí arna n-eisiúint roimhe seo ag an bParlaimint, go háirithe maidir leis na torthaí arna mbaint amach agus maidir le tionchar na gníomhaíochta arna déanamh chun a thosaíochtaí agus beartais AE a chur chun feidhme, agus maidir leis na bearta arna nglacadh chun an dóigh a dtéitear i ngleic le coinbhleachtaí leasa, calaois, éilliú agus cineálacha eile mí-iompair a d'fhéadfadh a bheith ann a fheabhsú;

°

° °

65. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus á iarraidh go ndéanfadh an Chomhairle agus Bord Stiúrthóirí BEI díospóireacht ar sheasaimh sin na Parlaiminte a léirítear ann.